Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2010
Gaeilge: Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal
Triail chluastuisceana

Tá trí chuid sa triail seo: tá Cuid A, Cuid B agus Cuid C.

Cuid A

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

An chéad chainteoir

Cén chaoi a bhfuil sibh? Is mise Nuala Ní Fhlatharta as Ros Muc, Conamara, Contae na Gaillimhe. Táim ag freastal ar Scoil an Phiarsaigh. Taitníonn an Ghaeilge agus an Mhaitimaitic thar cionn liom ach ná lua an Eacnamaíocht Bhaile liom. Ní maith liom Eacnamaíocht Bhaile mar táim go dona ag an gcócaireacht. Deir Mam nach féidir liom ubh, fiú, a bheiriú i gceart.

An dara cainteoir

Goidé mar atá sibh? Aindréas Ó Colla is ainm dom. Rugadh i bPáras mé. Is múinteoirí ealaíne sa phobalscoil áitiúil iad mo thuismitheoirí. Chaith m'athair fiche bliain ag obair i bPáras. Sin an áit ar chas sé ar mo mham. Bhí mé seacht mbliana d'aois nuair a tháinig mé go hÉirinn.

Cuid B

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

Fógra

Tá iris Ghaeilge idirlín nua ar fáil anois ar an ngréasán ag www.nosmag.com. 'Nós' an t-ainm atá ar an iris nua. Cosnaíonn síntúis bliana €40. Bíonn rogha leathan ábhair agus topaicí le fáil san iris: cúrsaí ceoil, cúrsaí taistil, cúrsaí scannáin agus cúrsaí faisin. Ceannaigh síntús bliana duit féin inniu.

Píosa nuachta

Beidh Seachtain na Gaeilge ar siúl in Montana i mbliana. Tá pobal láidir Éireannach ina gcónaí ann. Tugann Seachtain na Gaeilge deis dóibh bualadh le chéile. Bíonn béim ar an teanga, ar an gceol traidisiúnta, ar an drámaíocht agus ar litríocht na hÉireann. Beidh an píobaire cáiliúil Eoin Duignan i láthair ag an bhféile i mbliana.

Cuid C

Léigh anois go cúramach ar do scrúdpháipéar na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

Comhrá a haon

Brian: Brian anseo. An bhféadfainn labhairt le Siún, le do thoil?

Siún: Siún ag caint leat, a Bhriain.

Brian: An mbeadh spéis agat, a Shiúin, dul chuig an seó faisin amárach?

Siún: Ba bhreá liom dul ann.

SOS

Siún: Cá mbeidh an seó faisin ar siúl, a Bhriain?

Brian: In Óstán an Rí. Tá dhá thicéad agam.

Siún: Cén t-am a bheidh an seó ar siúl.

Brian: Tosnóidh sé ar a hocht a chlog.

Siún: Buailfidh mé leat taobh amuigh den óstán ag leath i ndiaidh a seacht.

Brian: Togha, a Shiúin. Chífidh mé ansin tú. Slán tamall.

Siún: Go raibh maith agat, a Bhriain.

Comhrá a dó

Máire: Bhí an scannán sin ar fheabhas, a Bhríd.

Bríd: Shíl mé go raibh Evanna Lynch an-mhaith.

Máire: Bhí, ach bhí mise an-tógtha le Matthew Lewis.

Bríd: Is réaltaí móra iad, cinnte. Tá bua na haisteoireachta acu.

Máire: Tá, agus bua na dathúlachta freisin.

SOS

Bríd: Os ag caint faoi dhathúlacht atáimid, an bhfaca tú Jack, buachaill nua Amanda?

Máire: Chonaic, tá sé dathúil, ceart go leor, ach is sórt amadáin é.

Bríd: Cogar, beidh mise ag dul go dtí na *debs* le Jack.

Máire: An bhfuil a fhios ag Amanda faoi sin? Rachaidh sí le bánaí.

Bríd: Is cuma liom. Ní bhaineann sé léi.

Sin deireadh na trialach. Slán agaibh.